C/2024/2378

27.3.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/2378)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

‘Dealurile Munteniei’

PGI-RO-A1085-AM02

Dáta na teachtaireachta: 5 Eanáir 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

Leasú ar an limistéar geografach críochaithe chun síneadh a chur leis an limistéar TGFC

Ní mór limistéar geografach críochaithe TGFC ‘Dealurile Munteniei’, a leagadh síos sa tsonraíocht, a leathnú chun roinnt bardas/sráidbhailte atá suite o thaobh an riaracháin i gcontaetha Olt agus Buzău a áireamh, mar a leanas:

— Contae Olt, bardas Spineni, sráidbhailte Spineni agus Optășani;

— Contae Buzău, bardas Smeeni, sráidbhailte Călțuna agus Moisica.

I. Tairbhíonn bardas Spineni, ina bhfuil na sráidbhailte Spineni agus Optășani, de na dálaí éicipéidiclíomacha atá oiriúnach do shaothrú na bhfíniúnacha atá cosúil leo siúd i limistéar TGFC ‘Dealurile Munteniei’. Tá na paraiméadair aeráide le haghaidh an fíonsaothrúcháin i gcomhréir leo siúd a bhaineann go sonrach le lárionad fíonsaothrúcháin Dobroteasa, atá 26 km ar shiúl. Áirítear Dobroteasa i limistéar TGFC ‘Dealurile Munteniei’.

Sa chuid thiar den cheantar fíonsaothrúcháin arb é atá ann limistéar TGFC ‘Dealurile Munteniei’ (atá thart ar 65 km ar fad agus idir 3 agus 12 km ar leithead) tá ithreacha de chré dhearg, cré dhonn agus chomh maith leis sin gaineamh mín scothdhearg ach ní a oiread céanna. Tá cion ard ocsaíde iarainn sna hithreacha donna sin agus tá siad oiriúnach do tháirgeadh fíonta dearga go háirithe, amhail Cabernet Sauvignon.

Tá an bardas suite sa tír-raon cnocach idir ardchlár Géiteach agus Má na Rómáine, ar ardchlár Spinani, ar airde is mó ná 180 m, agus tugtar Piscul Dobrei ar an gcuid is airde (383 m). Níl an iomarca uisce ar na fánaí réidhe agus tá oscailteacht ó dheas acu, réisím aeraihidreach agus theirmeach atá fabhrach do shaothrú na gcineálacha dearga. Idir 6 agus 7 atá an leibhéal pH agus cuireann abhainn Vedea, craobh-abhainn den Olt leis. Tá ithreacha d’aigéadacht lag ann, a bhfuil dath donn/rua orthu mar gheall ar na hocsaídí iarainn saora nach bhfuil ró-hiodráitithe ar fud dhoimhneacht na próifíle.

Tá aeráid, topagrafaíocht agus liteolaíocht bhardais chomharsanacha Dobroteasa (26 km) agus Vulpești (30 km) le fáil in Spineni freisin agus, mar sin, nuair a leathnaítear an limistéar TGFC chun bardas Spineni a áireamh is féidir a ráthú, go háirithe, go gcoinníonn na fíonta dearga saintréithe agus cáilíochta sonracha na bhfíonta de bharr a dtionscnaimh gheografaigh.

Le leathnú an limistéir chríochaithe chun bardas Spineni a áireamh, ní dhéantar difear don nasc idir an limistéar agus an fíon a tháirgtear in TGFC ‘Dealurile Munteniei’, toisc gur féidir leis na dálaí ithreach agus aeráide sa bhardas sin cáilíochtaí sonracha a chur ar na fíonta de bharr a dtionscnaimh gheografaigh. Tá cuimsiú bhardas Spineni fabhrach chun fíonta TGFC ar ardchaighdeán a fháil, is é sin fíonta de chomhdhéanamh agus cáilíochtaí orgánaileipteacha lena gcuirtear a dtionscnamh geografach, i.e. Spineni, ar taispeáint. Táirgtear lena shaintréithe ithreach agus aeráide fíonta ar dhath an rúibín ina bhfuil blasanna de thorthaí dearga foraoise, fíneáltacht, tainniní éadroma boga, eastóscachas den scoth agus dath láidir a n-imríonn na hithreacha scothdhearga donna, atá lán le salann feiriúil agus ina bhfuil uigeacht éadrom, tionchar air.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Tá bardas Spineni, ina bhfuil na sráidbhailte Spineni agus Optăşani i gcontae Olt, suite i réigiún fíonsaothrúcháin III. 'Cnoic Muntenia agus Oltenia', lárionad fíonsaothrúcháin Dobroteasa, fíonghoirt Sâmbureşti (tá Spineni suite 26 km ó Dobroteasa, cuid den limistéar TGFC). Áirítear é sa liosta de limistéir, réigiúin, fíonghoirt agus lárionaid fíonsaothrúcháin atá i gceangal le Reacht Uimh. 1205/2018 na hAireachta Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe:

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/ordin_madr_84_2023_modif_om_1205_2018_areale_viticole.pdf

II. Sna sráidbhailte Călţuna agus Moisica, atá mar chuid de bhardas Smeeni i gcontae Buzău, tá dálaí nádúrtha atá fabhrach do shaothrú fíniúnacha. Tá na dálaí agra-peideolaíocha agus aeráide, atá cosúil le chéile sa limistéar iomlán, oiriúnach do bhaint amach na bhfíonta TGFC ag a bhfuil na saintréithe sonracha dá dtionscnamh geografach. Tá bardas Smeeni suite 23 km ó bhardas Merei, a áirítear i limistéar TGFC 'Dealurile Munteniei'. Le stair an tsaothrúcháin fíniúnacha sa bhardas sin tugtar le fios go raibh fíonghoirt sa limistéar sin a ndearna cineál eagraíochta talmhaíochta cothabháil orthu, amhail comharchumainn le linn réimeas na gCumannaithe. Bhunaigh agus bhainistigh na comharchumainn sin na limistéir inar cuireadh fíniúnacha le linn na tréimhse sin.

Léirítear tosca aeráide agus rilífe i saintréithe na bhfíonta dearga – fíneáltacht, tainniní éadroma, dath beoga agus tathag, chomh maith le fíonta ó bhardais Merei nó Valea Călugărească, mar a n-imríonn ithreacha scothdhearga donna lán le salann feiriúil tionchar ar an dath agus tathag. Léirítear acmhainní héiliteirmeacha flúirseacha an limistéir, chomh maith lena ithreacha d'uigeacht éadrom, i gcáilíocht na bhfíonta. Maidir le paraiméadair fhisiceacha agus cheimiceacha roinnt cineálacha fíonta a fhástar i mbardas Smeeni, amhail Cabernet Sauvignon agus Feteasc㠠regală – amhail comhchruinnithe alcóil – bíonn siad idir 11,48 % de réir toirte i gcás Feteasc㠠regală (2014, 2015) agus 12,13 % de réir toirte i gcás Cabernet Sauvignon (2016), in éineacht le haigéadacht iomlán (aigéad tartarach 4,5 % w/l ar a laghad).

Maidir leis na fíonta de chineálacha Feteasc㠠regală agus Cabernet Sauvignon, bíonn úire agus dea-bholadh bláthach sonrach ag baint leo, agus is fíonta tirime, leath-thirime nó milse iad, lena mbaineann aigéadacht mhaith, ar dhath scothghlas an tuí nó dearg láidir agus lí corcra/dath an rúibín orthu, agus dea-bholadh fásra fhiáin, cothromaíocht mhaith idir alcól, aigéadacht agus tainniní mar a bhíonn i bhfíonta Cabernet Sauvignon.

De thoradh na dtosca sin d'éiceachóras fíonsaothrúcháin, léirítear go bhfuil sé oiriúnach d'fhás agus forbairt fíniúnacha d'fhíonghoirt atá suite i mbardas Smeeni, atá cosúil leo siúd a fhaightear i limistéar TGFC 'Dealurile Munteniei', lena n-áirítear, sa limistéar sin, bheadh bardas Smeeni, sráidbhailte Călţuna agus Moisica, áiteanna ina ndéantar fíonsaothrúchán/táirgeadh le saintréithe a bhaineann leis an tionscnamh geografach, fabhrach.

Maidir le leasú na sonraíochta le leathnú an limistéir chríochaithe chun bardas Smeeni a áireamh, ní dhéanfar difear don nasc idir an limistéar agus na fíonta a tháirgtear in Smeeni, atá fabhrach i dtéarmaí cáilíochta, agus acmhainneacht alcóil uasta iontu do bhlasanna bláthacha agus torthaíocha úra, chomh maith le haigéadacht mhaith, láidreacht mheánach datha, agus dea-bholaithe bláthacha idir meánach agus láidre agus cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus tainniní.

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht agus pointe 7 den doiciméad aonair mar a leanas:

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(ainmnneacha)**

Dealurile Munteniei

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC — Tásc Geografach faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Saintréithe anailíseacha – fíonta geala agus rosé – athrú ar an doiciméad aonair ag teastáil*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn na fíonta geala sainiúil mar gheall ar shaintréithe eastóscacha, struchtúr cothromaithe agus dea-aigéadacht, a chruthaítear le nochtadh thoir theas na bhfánaí, ach tríd na cleachtais saothraithe freisin, a choinníonn meánleibhéil táirgthe. Bíonn dath buí amhail líomóid agus gealáin ghlasa orthu, a éiríonn níos cosúla le dath an tuí (órga) leis an aibíocht. Tá an chumhracht casta agus fíneáilte, agus bíonn blasanna bláthanna fiáine, caor foraoise úr, cloiche agus breochloiche orthu (a athraíonn ag brath ar an gcineál agus an teicneolaíocht fíonóireachta a úsáidtear), bíonn siad blasta, torthaíoch agus baineann iarbhlas an-úr mianrach leo. Tugtar suntas don bhoige, fíneáltacht agus, thar aon rud eile, cumhracht bhláthach lena mbaineann blas deas, leanúnach agus blasta. Mar gheall ar na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha sainiúla, tá na fíonta geala i measc na bhfíonta is fearr de limistéar geografach 'Dealurile Munteniei'. Is gnách go mbíonn dath bándearg éadrom agus líocha ar dhath an tsú craobh agus peiteal mogóirí róis ar na fíonta rosé, cé gurb iad an mionlach i dtéarmaí cainníochtúla. Tá dea-bholaithe torthaí úra (péitseog, aibreog, caora foraoise) lárnach sa chumhracht. Bíonn an blas bog, torthaíoch agus fionnuar.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):	15
Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):	9,0
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5 i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	250

2. *Saintréithe orgánaileipteacha – fíonta dearga – athrú ar an doiciméad aonair ag teastáil*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Is saintréith den limistéar iad fíonta dearga. De bharr dhálaí sonracha an limistéir, is éasca an táirge deiridh a aithint, toisc go bhfágann na dea-bholaithe go mbíonn sé éasca a shainaithint go dtagann na fíonta as an áit sin. Is comhartha sóirt de chuid na bhfíonta dearga go mbíonn dath an rúibín orthu (nó líocha silíní nó pomagránaite) in éineacht le gealáin chorcairghorma a éiríonn donnrua tar éis na haibíochta. Cumhracht uathúil fhíneáilte, lena mbaineann blasanna caor dearg foraoise (cuiríní dubha, sméara dubha, silíní searbha agus baláistí) agus spíosraí milse (cainéal, piobarchaora bándearga), blas éadrom, maothlach agus veilbhitiúil. Tá clú orthu mar gheall ar a gcuid fíneáltachta, tainniní éadroma ar ardchaighdeán, eastóscachas den scoth agus dath láidir, agus is léir tionchar na n-ithreacha donnrua, atá lán le salann feiriúil. Tá na fíonta dearga níos láidre bríomhaire agus baineann déine níos airde orthu ó thaobh an datha; baineann na gnéithe sin le hacmhainní héiliteirmeacha fairsinge agus ithreacha d'uigeacht éadrom. Tugann na fíonta dearga, a bhíonn tirim de ghnáth, le fios go bhfuil siad ina gcuid d'oidhreacht náisiúnta a bhaineann leis an dúlra agus an duine araon. Tairbhíonn na fíonta dearga de dhálaí éicipéidiclíomacha maithe a bhaineann go sonrach leis an limistéar seo.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt):	15
Neart alcóil iarbhír iosta (mar % den toirt):	9,0
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5 i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais saothraithe agus saintréithe na bplandálacha

Modh fáis

— déine plandála – 3 000 crann fíniúna ar a laghad in aghaidh an heicteáir;

— glasbhuaint – líon na dtriopall fíonchaoire a laghdú ag *veraison* (tús an aibithe) má sháraíonn an táirgeacht fhéideartha na huasteorainneacha atá ceadaithe de réir na sonraíochta maidir le fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh cláraithe orthu.

— uisciú – ní cheadaítear é ach hamháin le linn blianta triomaigh agus le fógra ONVPV.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. *Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin, Traminer roz, Pinot gris, Grasă de Cotnari, Barbera*

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. *Cabernet Sauvignon, Negru aromat*

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. *Chardonnay, Pinot blanc, Fetească albă, Sauvignon, Mourvedre, Cabernet franc, Sangiovese*

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. *Novac, Petit verdot, Nebbiolo, Negru de Drăgăşani, Pinot noir, Fetească neagră*

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. *Riesling iodálach, Merlot, Viognier, Grenache, Burgund mare, Aligote, Băbească neagră, Crâmpoşie selecţionată, Riesling de Rhin*

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. *Fetească regală, Syrah, Trebbiano, Portugais bleu, Zweigelt*

18 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. *Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Busuioacă de Bohotin, Barbera, Traminer, Grasă de Cotnari, Pinot gris*

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. *Cabernet Sauvignon, Negru aromat*

90 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. *Chardonnay, Pinot blanc, Fetească albă, Sauvignon, Mourvedre, Cabernet franc, Sangiovese*

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. *Novac, Petit verdot, Nebbiolo, Negru de Drăgăşani, Pinot noir, Fetească neagră*

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. *Riesling iodálach, Merlot, Viognier, Grenache, Burgund mare, Aligote, Băbească neagră, Crâmpoşie selecţionată, Riesling de Rhin*

120 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. *Fetească regală, Syrah, Trebbiano, Portugais bleu, Zweigelt*

135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Buzău:

— bardas Săpoca, sráidbhailte Săpoca, Mătești

— bardas Cernătești, sráidbhaile Cernătești

— bardas Racoviți, sráidbhaile Racoviți

— bardas Poșta Câlnău, sráidbhaile Poșta Câlnău

— bardas Blăjani, sráidbhailte Blăjani agus Soreşti

— bardas Zărneşti, sráidbhailte Comisoaia, Vadu Soreşti, Zărneşti, Fundeni, Pruneni

— bardas Breaza, sráidbhailte Breaza, Bădeni, Greceanca, Văleanca-Vilăneşti, Vispeşti

— bardas Năieni, sráidbhailte Năieni, Finţeşti, Fântânele, Proşca,Vârf

— bardas Săhăteni, sráidbhailte Săhăteni, Istriţa de Jos

— bardas Pietroasele, sráidbhailte Pietroasele, Şarânga, Dara, Pietroasa Mică, Clondiru de Sus, Câlţeşti

— bardas Merei, sráidbhailte Merei, Dealul Viei, Izvorul Dulce, Gura Sărăţii, Nenciuleşti, Dobrileşti, Valea Puţului, Ciobănoaia, Ogherzi, Sărata Monteoru

— bardas Vernești, sráidbhailte Vernești, Zorești, Cândești, Nișcov, Săsenii Noi, Săsenii Vechi, Săsenii pe Vale, Cârlomănești, Nenciu

— bardas Smeeni, sráidbhailte Călţuna, Moisica.

Contae Prahova:

— baile Boldești Scăieni, Seciu

— bardas Bucov, sráidbhailte Bucov agus Pleașa

— bardas Plopu, sráidbhailte Gâlmeia agus Plopu

— bardas Bucov, sráidbhailte Bucov, Chițorani, Valea Orlei, Bighilin

— bardas Valea Călugărească, sráidbhailte Valea Călugărească, Valea Popii, Valea Săracă, Răchieri, Valea Mantei, Valea Poieni, Valea Largă, Vârfurile, Schiau, Valea Mieilor

— bardas Albești Paleologu, sráidbhaile Albești Paleologu

— baile Urlați in éineacht le Arioneştii Noi, Arioneştii Vechi, Cherba, Mărunțiș, Orzoaia de Jos, Orzoaia de Sus, Valea Bobului,Valea Crângului, Valea Nucetului, Valea Pietrei, Valea Seman, Valea Urloi, Valea Mieilor, Jercălăi

— bardas Ceptura, sráidbhailte Ceptura de Jos, Ceptura de Sus, Malu Roșu, Rotari, Șoimești

— bardas Fântânele, sráidbhailte Fântânele, Vadu Săpat, Ghionoaica, Bozieni

— bardas Gura Vadului, sráidbhailte Gura Vadului, Perşunari, Tohani

— bardas Călugăreni, sráidbhailte Călugăreni, Valea Scheilor

— bardas Jugureni, sráidbhailte Jugureni, Boboci

— bardas Apostolache, sráidbhailte Apostolache, Buzota, Valea Cricovului, Mârlogea, Udreşti

— bardas Gornet-Cricov, sráidbhailte Gornet-Cricov, Priseaca, Valea Seacă, Dobrota, Coşerele, Țărculești

— bardas Chiojdeanca, sráidbhailte Chiojdeanca, Trenu, Nucet

— bardas Sângeru, sráidbhailte Sângeru, Tisa, Mireșu Mare, Mireșu Mic

— bardas Tătaru, sráidbhailte Tătaru, Siliștea, Podgoria

— bardas Podenii Noi, sráidbhailte Podenii Noi, Valea Dulce, Popeşti

— bardas Iordăcheanu, sráidbhailte Iordăcheanu, Valea Cucului, Moceşti, Străoşti, Plavia.

Contae Argeș:

— bardas Ștefănești, sráidbhailte Valea Mare-Podgoria, Ștefănești Noi, Izvorani, Ștefănești, Viișoara, Goleşti, Enculești, Zăvoi

— bardas Călinești, sráidbhailte Ciocănești, Văleni-Podgoria, Radu-Negru, Vrănești, Gorganu, Calinești, Râncciov, Urlucea, Glodu, Udeni-Zăvoi, Cârstieni

— baile Topoloveni in éineacht le Țigăneşti, Boțârcani, Crinteşti, Gorăneşti

— bardas Priboieni, sráidbhailte Priboieni, Sămăila, Valea Mare, Pitoi, Valea Popii, Paraschivești, Valea Neni

— bardas Leordeni, sráidbhailte Leordeni, Băila, Budișteni, Ciulnișa, Cârciumărești, Glâmbocata, Schitu Scoicești, Ciolcești, Bântău, Glodu, Moara Mocanului

— bardas Bogați, sráidbhailte Glâmboceiu, Chițești, Bogați, Glâmbocel, Bârloi

— baile Costești in éineacht le Broșteni, Stârci, Smei, Podu Broșteni, Lăceni, Pârvu Roșu

— bardas Lunca Corbului, sráidbhailte Lunca Corbului, Silișteni, Lăngești, Mârghia de Jos, Mârghia de Sus, Cătane, Ciești, Pădureți

— bardas Stolnici, sráidbhailte Stolnici, Vlăşcuța, Fâlfani, Izbăşeşti, Cotmeana, Cochineşti

— bardas Buzoiești, sráidbhailte Buzoiești, Vulpeşti, Redea, Ioneşti, Tomşanca, Bujoreni, Şerboieni, Cornățel, Curteanca, Podeni,Vlăduța

— bardas Suseni, sráidbhailte Suseni, Țuțuleşti, Odăieni, Strâmbeni, Cerşani, Burdeşti, Găleşeşti

— bardas Mirosi, sráidbhailte Mirosi, Surdulești

— bardas Negrași, sráidbhailte Negrași, Bârlogu, Mozacu

— bardas Ungheni, sráidbhailte Ungheni, Colțu, Satu Nou, Găujani, Humele

— bardas Recea, sráidbhailte Recea, Deagu de Sus, Deagu de Jos

— bardas Izvoru, sráidbhaile Izvorul

— bardas Popeşti, sráidbhailte Popeşti, Palanga, Slobozia, Purcăreni, Bucov, Râca, Adunați

— bardas Căldăraru, sráidbhailte Strâmbeni, Căldăraru, Burdea

— bardas Rociu, sráidbhailte Rociu, Gliganu de Sus, Şerbăneşti.

Contae Dâmbovița:

— bardas Valea Mare, sráidbhailte Valea Mare, Fețeni, Saru, Valea Caselor, Livezile, Gârleni

— bardas Gura Foii, sráidbhailte Gura Foii, Catane, Făgetu

— bardas Dragodana, sráidbhailte Dragodana, Cuparu, Străoști, Burduca

— bardas Bucșani, sráidbhaile Bucșani

— bardas Răzvad, sráidbhailte Răzvad, Valea Voievozilor

Contae Olt:

— bardas Sâmburești, sráidbhailte Sâmburești, Mănulești

— bardas Dobroteasa, sráidbhailte Dobroteasa, Vulpește, Câmpu Mare, Batia

— bardas Spineni, sráidbhailte Spineni, Optășani.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Aligoté B - Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Barbera N

Burgund Mare N - Grosser burgunder, Blaufrankisch, Kekfrankos, Frankovka, Limberger

Busuioacă de Bohotin Rs – Schwarzer Muscat, Muscat fioletovii, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldărușă, Serecsia

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Crâmpoşie selecționată B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Grasă de Cotnari B - Dicktraube, Grasă, Köver szölö

Grenache Noir N

Merlot N - Bigney rouge, Plant Medoc

Mourvèdre N

Muscat Ottonel B – Muscat Ottonel blanc

Nebbiolo N

Negru Aromat N

Negru de Drăgăşani N

Novac N

Petit Verdot N

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot Blanc B – Weisser Burgunder, Weiss Burgunder, Pinot Bianco, Weissburgunder

Pinot noir N - Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klăvner Morillon Noir

Pinot Noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Portugais Bleu N - Blauer Portugieser, Oporto, Portugieser

Riesling de Rhin B - Weisser Riesling, Riesling Geal, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling iodálach B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Saint Emilion B - Trebbiano Toscano, Ugni blanc, Trebbiano

Sangiovese N - Brunello di Montalcino, Morellino

Sauvignon B – Sauvignon blanc

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Traminer Roz Rs - Rosetraminer, Savagnin roz, Gewürztraminer

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgăşani

Viognier B - Bergeron, Barbin, Rebolot, Greffou, Picotin Blanc, Vionnier

Zweigelt N - Blauerzweigelt, Negru de Zweigelt, Zweigelt blau

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Nasc leis an limistéar críochaithe*

Tionchar tosca daonna bunaithe ar thraidisiún.

Deimhnítear go mbíodh fíonghoirt sa limistéar seo le tochaltáin seandálaíochta, blúiríní ceirmeacha agus dinnseanchas, a chruthaíonn go raibh fíonghoirt ann ón gcianaois.

Soláthraítear an fhianaise le doiciméad ón tseandálaíocht, an phailé-ointeolaíocht, an mhiotaseolaíocht, an mhoneolaíocht, an teangeolaíocht agus an stair scríofa agus stairsheanchas, lena léirítear go mbíodh dálaí nádúrtha sa chuid sin den domhan a bhí foirfe d'fhorbairt agus do shaothrú fíniúnacha, agus go raibh an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le creidimh, nósanna agus saol foriomlán áitritheoirí an limistéir.

Aithnítear go mbíodh foirmeacha sa limistéar sin as ar tháinig speicis den ghéineas Vitis a tháinig chun cinn a luaithe le tús na tréimhse Neoiginí.

Is ón 14ú céad agus 15ú cead a thagann na chéad doiciméid scríofa ina luaitear go mbíodh saothrú fíona sna codanna sin den tír. Léirítear sna doiciméid sin gurbh áiteanna iad Ceptura, Valea Călugărească, Valea Mantei agus Valea Popii a raibh clú agus meas orthu de bharr cháilíocht na bhfíonta a táirgeadh ann.

Tháinig tábhacht an limistéir seo i ndáil le fíonóireacht ó na limistéir mhóra fíniúnacha beangaithe agus óna mhéid, agus measadh gurbh é an 'limistéar is mó agus is dlúithe de limistéir fíonóireachta na Rómáine, arbh é fócas thionscal fíonóireachta na Rómáine'.

Léirítear i ndoiciméid ársa gur táirgeadh sa limistéar fíon 'olúil' láidir marthanach agus cuireadh i gcomparáid é leis na fíonta ab fhearr a táirgeadh i dtíortha eile.

Maidir le táirgeadh fíona, is gairm é lena n-éilítear ar shaothraithe fíniúnacha modh teicniúil a chruthú a theastaíonn chun fíonta den chaighdeán is airde is féidir a tháirgeadh.

Le himeacht ama, d'éirigh gnéithe áirithe ina saintréithe den saothrú fíniúnacha sa Rómáin, saintréithe atá difreáilte de réir limistéar fíonsaothrúcháin, de réir na dtraidisiún arna gcur ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Maidir le cineálacha fíonta, ina bhfuil cineálacha fíonchaor atá oiriúnach do dhálaí aimsire, forbraíodh leo cleachtais saothrúcháin shainiúla de réir an réigiúin, go háirithe i dtéarmaí bhainistíocht na stoc agus na prúnála, agus tá saintréithe sonracha na bhfíonta níos sainiúla anois.

Bunaíodh plandálacha de chineálacha luachmhara, cuireadh chun cinn teicnící saothrúcháin nua bunaithe ar mheicniú, tógadh saoráidí nua-aimseartha fíonóireachta, stórála fíona agus pacáistithe fíona agus tá méadú tar éis teacht ar cháilíocht na bhfíonta.

Baineann na saothraithe fíniúna sult as buaint na dtorthaí agus bíonn siad ag dréim le fíon maith a tháirgeadh lena ngabhann carachtar tipiciúil an limistéir.

Maidir le cáilíocht eisceachtúil shainiúil fhíonta limistéar geografach críochaithe Dealurile Munteniei, baineann sé le saothar oilte, traidisiúin agus cur chun feidhme réasúnta teicneolaíochtaí nua saothrúcháin fíonchaor agus táirgthe fíona.

Tionchar tosca nádúrtha

Baineann forbairt an fhíonsaothraithe le dálaí an-fhabhrach d'fhíniúnacha ar fud na tíre. Tá aeráid ár gcnoc fabhrach don fhíonsaothrúchán, de thoradh acmhainní héiliteirmeacha fairsinge le linn thréimhse fáis na fíniúna (míonna Aibreáin - Dheireadh Fómhair), fómhair fhada ghrianmhara, easpa frasaíocht iomarcach, go háirithe sa samhradh agus san fhómhar agus, go ginearálta, easpa dálaí foircneacha aeráide a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú i dtéarmaí cháilíocht na bhfíonta.

Is í éagsúlacht na n-ithreacha saintréithe limistéar geografach críochaithe Dealurile Munteniei. Sa limistéar críochaithe tá ithreacha ina bhfuil cré dhearg, marlchloch agus chomh maith leis sin gaineamh mín scothdhearg ach ní a oiread céanna, ithreacha atá oiriúnach do shaothrú cineálacha fíonchaor d'fhíonta dearga.

Rilíf

Trasnaíonn gleannta, a bhíonn oscailte ar an taobh thoir theas agus ag a bhfuil sraith cnoc comhthreomhar ar a dteorainn, an mhasaíf. I dtéarmaí chineáil na hithreach, is ithreacha foraoise donna scothdhearga spíonta a fhaightear den chuid is mó san iarthar, agus is saintréithe den oirthear iad reinsíne, bréagreinsíne agus chomh maith leis sin ithreacha gainmheacha a fhoirmíonn ithreach ach ní a oiread céanna. Is féidir ithreacha cnámharlaigh a fháil i roinnt lárionad freisin, áit a bhfuil buncharraig gar don dromchla. Tá cion ard de charbónáit chailciam acu sin, rud atá fabhrach do tháirgeadh fíonta dearga agus fíonta aramatacha.

Cruthaítear le treoshuíomh na ngleannta dálaí an-fhabhrach le haghaidh fíonsaothrúcháin. Déantar an fíonsaothrú ar fhánaí a bhfuil grádán idir 8 % agus 30 % orthu den chuid is mó agus ar fhánaí níos géire ach ní a oiread céanna.

Bíonn sreabhadh suntasach sna príomhaibhneacha, i séasúir ina mbíonn frasaíocht íseal fiú. Ar an iomlán, is féidir a mheas go bhfuil cúltaiscí uisce leordhóthanacha ar ardchaighdeán san fhíonghort.

Cruthaítear leis an topagrafaíocht, go háirithe oscailteacht an talaimh ó dheas, miocraeráidí atá an-fhabhrach do shaothrú na gcineálacha d'fhíonta dearga.

An aeráid

Bíonn an mheánteocht bhliantúil idir thart ar 10,8 °C in iarthar an limistéar fíonsaothrúcháin agus thart ar 11,2 °C san oirthear. Bíonn an geimhreadh sách gearr, is é meánteocht na míosa is fuaire – 2,1 °C agus is é meánteocht na míosa is teo +22,4 °C.

Bíonn acmhainní héiliteirmeacha flúirseach go ginearálta, rud atá fabhrach d'aibiú maith thorthaí agus adhmad na fíniúna. Ar na cnoic, bíonn na meánteochtaí thart ar 3 °C níos airde ná na meánteochtaí ar na mánna, agus bíonn minicíocht na ngeimhrí reoite i bhfad níos ísle. Is féidir leis na fíniúnacha a shaothraítear ar thaobh na gcnoc an geimhreadh a chaitheamh gan chosaint, dá bhrí sin.

Tá an patrún báistí níos airde in iarthar an limistéir fíonsaothrúcháin, 587,7 mm, agus níos ísle i dtreo an oirthir, 508 mm. Tá an t-uisce a stóráiltear san ithir le linn an gheimhridh fabhrach don chéad chuid den séasúr fáis, nuair a bhíonn déine fáis péacán. Spreagtar le báisteach an tsamhraidh luaith fás na bhfíonchaor, fad a bhíonn níos lú báistí le linn a gcéime aibiúcháin (míonna Lúnasa - Mheán Fómhair) lena gcuirtear an t-aibiú chun cinn.

Mar gheall ar an aeráid fhabhrach sin, táirgtear na fíonta dearga is fearr de chuid na Rómáine sa limistéar sin, iad tathagach agus dath maith orthu, chomh maith le fíonta geala an-tarraingteach den scoth.

Imríonn na hacmhainní teirmeacha méadaithe aigéadacht iomlán an úrfhíona go mór.

De réir mar a théann na táscairí teirmeacha in airde, is féidir comhchruinnithe níos airde de shiúcraí, dea-bholaithe, dath agus substaintí feanólacha a bhaint amach.

8.2. *Nasc cúisíoch*

Áirithítear le haeráid an limistéir chríochaithe, atá fabhrach don fhíonsaothrúchán, acmhainní héiliteirmeacha le linn thréimhse fáis na fíniúna (ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair). Maidir leis na fómhair fhada ghrianmhara, an easpa frasaíochta iomarcaí, go háirithe sa samhradh agus san fhómhar agus, go ginearálta, an easpa dálaí foircneacha aeráide a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú, léirítear sin i gcáilíocht na bhfíonta i ndáil leis an dea-bholadh, blas veilbhitiúil na bhfíonta dearga agus maothlachas agus téagar na bhfíonta geala.

Tá oscailteacht an talaimh, ó dheas den chuid is mó, an-fhabhrach do shaothrú na gcineálacha d'fhíonta dearga agus geala, chomh maith le héagsúlacht na n-ithreacha, go háirithe iad siúd a dhéantar as púscáin dhearga, marla agus ithreacha míne scothdhearga atá oiriúnach do tháirgeadh fíonta dearga den chuid is mó.

Maidir leis na hithreacha ina bhfuil sraitheanna cré agus cion ard ocsaíde iarainn, atá sa chuid thiar den mhasaíf fíonsaothrúcháin (fíonghoirt atá ar fhánaí na gcnoc agus a loig – Ceptura, Valea Călugărească, Valea Mantei agus Valea Popii) an-oiriúnach d'fhás na gcineálacha fíona deirge. Cé nach bhfuil ach méid beag díobh ann, aithnítear cnámhithreacha ina bhfuil cion ard carbónáite cailciam in áiteanna áirithe, atá fabhrach do tháirgeadh fíonta aramatacha freisin (fíonta lena mbaineann dea-bholaithe marthanacha).

Tá na hacmhainní héiliteirmeacha ard agus oiriúnach do dhea-aibiú, tá na meánteochtaí ar thaobh na gcnoc thart ar 3 °C níos airde ná meánteochtaí na mánna, agus bíonn minicíocht na ngeimhrí reoite i bhfad níos ísle. Is féidir leis na cineálacha a fhástar ar thaobh na gcnoc an geimhreadh a chaitheamh gan chosaint, dá bhrí sin, as a dtagann leibhéil is fearr de tháirgeadh cáilíochtúil.

Le linn chéim aibiúcháin na bhfíonchaor (ó mhí Lúnasa go mí Mheán Fómhair), bíonn an bháisteach níos ísle, rud a fhágann go mbíonn dálaí maithe ann don aibiú. De réir mar a théann na táscairí teirmeacha in airde, is féidir comhchruinnithe níos airde de shiúcraí, dea-bholaithe, dath agus substaintí feanólacha a bhaint amach. Déantar an bhuaint ag an gcéim aibíochta a theastaíonn chun ardchaighdeán a bhaint amach agus, go háirithe, chun suntas a thabhairt do shaintréithe aramatacha na gcineálacha, go háirithe iad siúd lena ngabhann acmhainneacht níos airde, as a dtagann fíonta ina mbíonn cothromaíocht sheasmhach aigéadachta, aitheantais, léiritheachta agus uathúlachta, agus chun sainiúlacht bhláthach nó thorthaíoch na bhfíonta a chaomhnú, de réir mar is iomchuí.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

—

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_ig_dl_munteniei_modif_cf_cererii_1628_21.08.2023_notrack_changes.pdf